




An Coimisiún
um Rialáil Fónais

Commission for
Regulation of Utilities

Plean Straitéiseach 2025-2027

Fuinneamh agus
uisce a rialú le
haghaidh
aeráid atá ag athrú





Arna ullmhú i gcomhréir leis na ceanglais san Acht um Rialáil Leictreachais (Sceideal 1)
1999 agus san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013.

1 | Réamhrá

Thar ceann fhoireann an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRF), tá áthas ar na Coimisinéirí Plean Straitéiseach an CRF don tréimhse 2025 go 2027 a chur i láthair. Tá an Plean mar bhonn ag ról rithábachtach an CRF i rialáil earnálacha fuinnimh agus uisce na hÉireann atá ag athrú go mear, agus a chinntiú go seachadtar seirbhísí riachtanacha go héifeachtúil, go sábháilte, agus i gcomhréir le cuspóirí beartais náisiúnta.

Tá ról lárnach ag an CRF in aistear na hÉireann le bheith Glan-Nialasach. Tá sé mar aidhm ag an bPlean Straitéiseach tacú le spriocanna dícharbónaithe agus díriú i gcónaí ar shlándáil fuinnimh, ar éifeachtúlacht costais agus ar chosaint tomhaltóirí. Léiríonn an cur chuige seo tiomantas an CRF chun aistriú fuinnimh na hÉireann a threorú ar bhealach atá uaillmhianach agus praiticiúil araon. Cuirtear san áireamh sa Phlean freisin an raon leathan gníomhaíochtaí a sholáthraíonn CRF, i gcomhpháirtíocht le Rialtóirí Fóntais Thuaisceart Éireann, i rialáil an Mhargaidh Leictreachais Aonair uile-oileáin.

Cuireadh bonn eolais faoin bPlean sin trí phróiseas comhairliúcháin inmheánach agus seachtrach fairsing agus gabhaimid buíochas lenár bhfoireann agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha as a n-ionchur stuama.

Tá luas an athraithe atá roimh bhonneagar fóntais agus margaidh fuinnimh na hÉireann ag dul i méid mar fhreagairt ar chlár oibre beartais intíre agus Eorpach a leagann béim ar an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus ar shlándáil fuinnimh. Éilíonn sé seo rialáil láidir agus chomhréireach chun a chinntiú go rachaidh sé chun leasa na saoránach uile. Mar an rialálaí atá freagrach as leictreachas, gás agus uisce, tá dualgas ar an CRF feidhmiú mar chumasóir athraithe rithábachtach agus mar chosantóir leasanna tomhaltóirí araon.



Caithfidh an CRF oiriúnú do mhargaí atá ag athrú go mear agus do thimpeallacht beartais atá ag teacht chun cinn. Is léir ó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara go leor, lena n-áirítear rannpháirtithe margaidh, go gcaithfear raon feidhme ár gcuid oibre a leathnú. Beidh athstruchtúrú eagraíochtúil agus claochlú ar an gcaoi a rialálaimid earnálacha an leictreachais, an gháis agus an uisce i gceist leis seo. Cuirfidh na céimeanna atá leagtha amach sa Phlean seo ar chumas an CRF:

- Custaiméirí a chosaint agus a chumhachtú, le fócas méadaithe ar an earnáil fuinnimh de réir mar a éiríonn sí níos mó ó thaobh scála agus castachta
- Athléimneacht an tsoláthair leictreachais, gáis agus uisce a choinneáil i gcomhpháirtíocht leis na Ranna ábhartha agus leis na príomhpháirtithe leasmhara
- Iomaíochas a spreagadh, chun tacú le rogha agus inacmhainneacht
- Custaiméirí a chumasú le bheith níos gníomhaí sa mhargadh fuinnimh
- Seirbhísí réitigh díospóidí a sholáthar do chustaiméirí lena chinntiú go

- Feabhas a chur ar ár maoirseacht agus monatóireacht ar infheistíocht sna hearnálacha líonra rialáilte
- Acmhainn na heagraíochta a fhorbairt chun díriú ar fhorbairtí earnála fadtéarmacha ionas gur féidir léi anailís eacnamaíoch agus comhairle a sholáthar do pháirtithe leasmhara beartais ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE
- Dícharbónú na n-earnálacha rialáilte go léir a spreagadh chun leas na sochaí agus an gheilleagair
- Sábháilteacht an phobail a chinntiú ar fud na n-earnálacha leathnaithe atá á rialáil ag CRF, de réir mar a théann teicneolaíochtaí nua leictriúcháin chomh fada le tomhaltóirí agus de réir mar a thugtar bithmheatán agus hidrigin isteach sa líonra gáis.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bhfoireann agus lenár bpáirtithe leasmhara uile a thug a gcuid ama, fuinnimh agus léargais don Phlean seo chun tacú lenár bhfís maidir le soláthairtí fuinnimh agus uisce atá athléimneach, sábháilte, éifeachtúil agus inbhuanaithe, chun leasa na gcustaiméirí anois agus amach anseo.

Jim Gannon
Cathaoirleach



2 | Maidir leis an CRF

Maidir leis an CRF: An Méid a Dhéanaimid

Is é an Coimisiún um Rialáil Fónais rialálaí neamhspleách fuinnimh agus uisce na hÉireann. Bíonn tionchar ag obair an CRF ar gach teach agus gnólacht in Éirinn. Déanaimid ár ndícheall soláthairtí fuinnimh agus uisce sábháilte, slána agus inbhuanaithe a chinntiú chun leasa gach custaiméara. Éascaíonn obair an CRF gníomhartha aeráide na hÉireann agus an claochlú go 'Glan-Nialasach' freisin. Feidhmímid laistigh de chreat beartais agus reachtúil atá leagtha síos ag an Rialtas agus maoinítear sinn trí thobhach ar eintitis rialáilte.

Rialáil Eacnamaíoch Fuinnimh agus Uisce

Slándáil an tsoláthair a choinneáil
Seachadadh éifeachtach líonra a chinntiú
Iomaíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn
Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht eintiteas rialáilte



Claochlú chuig 'Glan-Nialasach' a éascú

Seachadadh bonneagar líonra a bhrostú
Teicneolaíochtaí ísealcharbóin a spreagadh
Solúbthacht mhéadaithe an chórais fuinnimh
Rannpháirtíocht tomhaltóirí a éascú



Rannpháirtíocht agus Cosaint Chustaiméirí

Caighdeáin seirbhíse a shocrú
Custaiméirí a chur ar an eolas faoi chearta
Díospóidí custaiméirí a réiteach
Rannpháirtíocht chustaiméirí a spreagadh



Rialachán ar Shábháilteacht Fuinnimh

Sábháilteacht an phobail a chosaint
Cosc a chur ar thimpistí móra
Feasacht sábháilteachta a chur chun cinn



3 | Fís, Cuspóir agus Luachanna



ÁR bhFÍS: Seirbhísí fuinnimh agus uisce athléimneacha, éifeachtúla, inbhuanaithe agus sábháilte d'Éirinn.



ÁR gCUSPÓIR: Freastalaímid go gníomhach ar leas an phobail trí rialáil a dhéanamh ar sholáthar fuinnimh agus uisce do thithe agus do ghnólachtaí na hÉireann, agus tacú linn leis an gclachlú le bheith glan-nialasach ag an am céanna.



ÁR LUACHANNA:

IONRACAS

Tá muinín ríthábhachtach, mar sin gníomhaímid i gcónaí le hionracas. Glacaimid cinntí cothroma, bunaithe ar fhianaise, atá cóir agus comhsheasmhach.

GAIRMIÚLACHT

Táimid uailmhianach agus tiomanta do thionchar dearfach a imirt i ngach rud a dhéanaimid. Oibrímid mar fhoireann, tá meas agus luach againn ar a chéile, agus déanaimid ár ndícheall i gcónaí ár saineolas a fhorbairt. Táimid pragmatach agus oscailte do phróisis mhalartacha.

OSCAILTEACHT

Táimid tiomanta don chomhoibriú. Mínímid go soiléir cé muid féin agus cad a dhéanaimid. Tá ár bpróisis oscailte agus críochnúil, agus cuirimid tuairimí ó gach páirtí leasmhar san áireamh.


CUNTASACHT

Táimid cuntasach don phobal tríd an Oireachtas as ár gcinntí agus an chaoi a n-úsáidimid ár n-acmhainní. Táimid neamhspleách agus oscailte do ghrinnscrúdú.

4 | Tosaíochtaí Straitéiseacha

Is iad ár bhFís, ár gCuspóir agus ár Luachanna a chinneann an chaoi a n-oibrímid agus na rudaí a dtugaimid tús áite dóibh.

Tá ocht dtosaíocht straitéiseacha ann don chéad trí bliana eile, a threoróidh sinn agus muid ag freastal ar leas an phobail.



Tosaíocht Straitéiseach 1

**Tacaíocht a
thabhairt don
Claochlú le bheith
'Glan-Nialasach'**

Éascóimid infheistíocht i mbonneagar, feabhsóimid solúbthacht an chórais, agus cuirfidimid rialuithe agus dreasachtaí i bhfeidhm chun tacú leis an aistriú le bheith glan-nialasach.




Cuspóir

1. Seachadadh bonneagair líonra in iarracht a bheith glan-nialasach a bhrostu

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Athbhreithniú Praghsanna Leictreachais (PR6) forbartha agus curtha i bhfeidhm (lena n-áirítear rialuithe praghsanna eischósta agus dreasachtaí chun bonneagar a sheachadadh).
- Creat forbartha le haghaidh infheistíochta réamh-mheasta i líonraí leictreachais.
- Cinntí rialála glactha chun go bhféadfaidh idirnascairí leictreachais Greenlink agus Celtic feidhmiú.
- Breithniú rialála ar ról an líonra gáis amach anseo i gcomhthéacs spriocanna fuinnimh agus aeráide.
- Pleanáil fhadtéarmach fheabhsaithe do líonraí, lena n-áirítear comhtháthú fuinnimh in-athnuaite eischósta, éileamh mór ar fhuinneamh agus limistéir luasghéaraithe fuinnimh in-athnuaite.
- Próisis fheabhsaithe ceaduithe eangaí.
- Tá creat rialála i bhfeidhm chun go bhféadfar sócmhainní hibrídeacha eischósta a thógáil agus tionscadail gaoithe amach ón gcósta Céim 1 á dtógáil..



Tosaíocht Straitéiseach 1

Cuspóir

2. Imscaradh agus comhtháthú teicneolaíochtaí ísealcharbóin a éascú

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Polasaí nasctha i bhfeidhm chun comhtháthú giniúna ísealcharbóin a chumasú.
- Faisnéis líonra curtha ar fáil ag Oibritheoirí Córais, chun tacú le trédhearcacht agus cinnteoireacht éifeachtach.
- Clár oibre le haghaidh naisc hibrídeacha ar talamh seachadta.
- Nuashonruithe ar bheartas rialála a eascraíonn as cinntí beartais Rialtais maidir le Sreanga Príobháideacha.
- Creat athbhreithnithe i bhfeidhm don phróiseas deimhniúcháin Cumhacht is Teas Ardéifeachtúlachta in Éineacht (CHP).
- Creat rialála i bhfeidhm do Ráthaíochtaí Tionscnaimh Gáis In-athnuaite.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an gcreat rialála amach ón gcósta le haghaidh cur chuige atá bunaithe ar phlean.

Cuspóir

3. Solúbthacht mhéadaithe an chórais fuinnimh a mhéadú

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Straitéis Náisiúnta um Éileamh Fuinnimh curtha i bhfeidhm.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an gcreat rialála le haghaidh naisc solúbtha éilimh.
- Scrúdaíodh an acmhainn solúbthachta ó líonraí teasa.

Tosaíocht Straitéiseach 2

**Margaí
Fuinnimh
Éifeachtúla agus
Iomaíocha a
Chumasú**

Tacóimid le hiomaíocht, cúiteoimid solúbthacht agus déanfaimid ailíniú le ceanglais an AE a sheachadadh.



Cuspóir

1. A áirithiú go gcuirtear iomaíocht ar fáil le próisis agus struchtúir na margaí fuinnimh

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Soláthraíonn an margadh miondíola leibhéal cuí ceanglas do ghnólachtaí nua.
- Creat láidir Soláthraí Rogha Deiridh a sholáthraíonn leanúnachas soláthair fuinnimh agus cosaintí do chustaiméirí.
- Is féidir le custaiméirí soláthraithe a athrú agus a roghnú bunaithe ar fhaisnéis thrédhearcach agus inrochtana.
- Margadh miondíola iomaíoch, atá inchomparáide le margaí an AE agus margaí eile.
- Ceantanna iomaíocha a réadaíonn acmhainn chun caighdeáin iontaofachta a chomhlíonadh.
- Margaí fuinnimh leachtacha an lá roimh ré agus san aon lá amháin i leictreachas.
- Seoladh Oibreoir an Chórais Tarchurtha (TSO) a léiríonn torthaí an mhargaidh ar dhóigh níos dlúithe.



Tosaíocht Straitéiseach 2

Cuspóir

2. A áirithiú go dtagann creataí agus beartais le ceanglais agus ath-chomhtháthú an Aontais Eorpaigh

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Rannpháirtíocht fheabhsaithe le heagraíochtaí AE, lena n-áirítear CEER/ACER, chun a chinntiú go gcosnaítear leasanna na hÉireann.
- Comhtháthú Treoracha AE i Margaí Miondíola agus i mbeartas an CRF.
- Córais mhargaidh atá in ann ath-chomhtháthú i margadh fuinnimh inmheánach an AE, agus idirasc chuig an bhFrainc á sheachadadh.
- Margadh acmhainne nuashonraithe ailínithe le rialacha Cúnaimh Stáit an AE atá ag athrú i gcónaí.
- Comhlíonann Éire an Measúnú Eorpach ar Leormhaitheas Acmhainní (ERAA) maidir le leordhóthanacht acmhainní córais chumhachta.

Cuspóir

3. Dreasacht a thabhairt d'acmhainneacht ghiniúna éifeachtúil agus acmhainn solúbthachta feabhsaithe

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Ionchur méadaithe stórála, lena n-áirítear stóráil fuinnimh fhadtéarmach, freagairt taobh an éilimh, agus giniúint níos solúbtha.
- Tá modheolaíochtaí luchtaithe líonra ag spreagadh lonnú éifeachtach giniúna agus éilimh, go háirithe d'Úsáideoirí Móra Fuinnimh.
- Déantar athchóiriú ar an bhflít giniúna atá ann cheana féin chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun laghdófar an gaibhniú de ghás iontaise nua.
- Cuirtear Dearadh Ardleibhéil Seirbhísí Córais i bhfeidhm.

Tosaíocht Straitéiseach 3

**Bonneagar
Náisiúnta
Criticiúil
Athléimneach a
Chumasú**

Éascóimid forbairt chórais gháis a sheasfaidh an aimsir, spreagfaimid dícharbónú leanúnach leictreachais, agus tacóimid le cibear-athléimneacht fónais (lena n-áirítear uisce).



Cuspóir

1. Córas gáis slán, atá réitithe don dícharbónú a chur chun cinn

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Bonneagar riachtanach i bhfeidhm chun leordhóthanacht acmhainne leictreachais agus gáis a chomhlíonadh agus a sheachadadh atá ailínithe le buiséid charbóin.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm aon athruithe riachtanacha chun caighdeán Bonneagair N-1 faoi CE 1938/2017 a bhaint amach agus tacú leo.
- Teacht chun cinn córais gáis nádúrtha atá slán, oiriúnach don chuspóir agus a sheasfaidh an aimsir, atá ailínithe le creatlacha Rialaithe Praghsanna.

Cuspóir

2. Bonneagar agus córas leictreachais dícharbónaithe iontaofa a sheachadadh

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Gníomhartha gan réiteach ó chlár Slándála Soláthair Leictreachais an CRF curtha i bhfeidhm.
- Idirnasc breise le hÉirinn tugtha chun cinn (faoi réir thorthaí na measúnuithe rialála riachtanacha).
- Leanúint de bheith ag forbairt margaí fuinnimh, acmhainne agus seirbhísí córais chun freastal ar riachtanais leordhóthanachta i gcóras dícharbónaithe.
- Próiseas iontaofa réamhaisnéise leordhóthanachta i bhfeidhm.

Strategic Priority 3

Cuspóir

3. CRF [a bhunú mar údarás inniúil i gcibearshlándáil agus athléimneacht bonneagair

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Inniúlacht, acmhainn agus sruthanna ioncaim bunaithe do róil rialála nua cibearshlándála (an Treoir Maidir le Slándáil na gCóras Gréasáin agus Faisnéise - NIS2) agus Athléimneacht Eintiteas Criticiúil.
- Treoir foilsithe don tionscal maidir le ról CRF sna réimsí sin.
- Sainaithint, rannpháirtíocht agus feachtas a chothú le heintitis agus earnálacha ábhartha fuinnimh agus uisce.
- Cuireadh tús le cláir monatóireachta comhlíontachta.
- Comhtháthú freagrachtaí, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí ullmhachta éigeandála atá ann cheana féin i gcreat athléimneachta níos leithne.

Cuspóir

4. A bheith ag gníomhú go comhtháite i Slándáil an tSoláthair agus athléimneacht ar fud ár n-earnálacha agus róil fónais

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Cur chuige struchtúrtha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar thionchair thrasghearrthacha cinntí beartais rialála ar athléimneacht.
- Tuiscint shoiléir agus comhairle iontaofa curtha ar fáil, ar fud an rialtais, an tionscail agus i measc tomhaltóirí maidir le conas a shainmhínítear, a mheasúnaítear agus a ráthaítear slándáil an tsoláthair agus athléimneacht araon do na trí earnáil a rialaíonn an CRF.
- Tacú le cur i bhfeidhm thionscnamh an Rialtais maidir le Slándáil Fuinnimh in Éirinn go dtí 2030, de réir ár gcumas agus ár neamhspleáchais.

Tosaíocht Straitéiseach 4

**Infheistíocht
Éifeachtach i
Seachadadh
Bonnegair a
Chinntiú**

Cinnteoimid go bhfuil creatlacha sainoiriúnaithe go spreagfaimid claochlú na líonraí leictreachais agus gáis agus go dtacóidh siad le cur chuige córais iomláin.



Cuspóir

1. Creataí rialála a fheabhsú [2] chun bonnegar fuinnimh a sheachadadh go tapa

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Infheistíochtaí i líonra éascaithe.
- Seachadadh tráthúil bonnegair líonra tosaíochta.
- Trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr ó eagraíochtaí seachadta bonnegair fóntais.
- Iontaofacht fheabhsaithe an tsoláthair do chustaiméirí leictreachais tí agus tráchtála.
- Creat bunaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar tharaifí líonra leictreachais.



Tosaíocht Straitéiseach 4

Cuspóir

2. Aistriú éifeachtach agus inbhuanaithe líonra gáis na hÉireann a chumasú

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Beartas nuashonraithe maidir le nascadh gáis in-athnuaite foilsithe, chun naisc éifeachtúla agus inbhuanaithe leis an líonra gáis a chur chun cinn.
- Baint amach na gcuspoirí a leagtar síos leis an gcreat rialála um Rialú Praghsanna Gáis 5.
- Cinneadh um Rialú Praghsanna 6 foilsithe chun infheistíocht shábháilte, shlán agus éifeachtúil a éascú i bhforbairt an líonra gáis agus leasanna custaiméirí a chosaint.
- Socruithe taraife athbhreithnithe foilsithe, atá cothrom agus báúil leis an aistriú chuig líonra gáis inbhuanaithe.
- Ailíniú bainte amach le Pacáiste an AE maidir le Dícharbónú Margaí Gáis agus Hidrigine.

Cuspóir

3. Ag tacú le cur chuige córais iomláin i leith phleanáil agus seachadadh líonra leictreachais agus gáis

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Socruithe feabhsaithe rialachais cuideachta líonra i bhfeidhm.
- Comhoibriú feabhsaithe i measc cuideachtaí líonra chun cinntí infheistíochta éifeachtúla agus uile-líonra a chumasú.
- Múnla Oibriúcháin don Todhchaí d'Oibritheoirí Córais Tarchurtha agus Dáileacháin curtha i bhfeidhm.

Tosaíocht Straitéiseach 5

**An Pobal a
Chosaint i
Sábháilteacht
Fuinnimh**

Spreagfaimid comhlíonadh rialachán sábháilteachta, cinnteoidimid oibriú éifeachtach creataí agus scéimeanna agus feabhsóimid feacht an phobail ar shábháilteacht fuinnimh.



Cuspóir

1. Comhlíonadh le rialachán sábháilteachta a thiomáint

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Measúnú ar chás sábháilteachta agus monatóireacht ar chomhlíonadh eintiteas rialáilte tugtha i gcrích, agus gníomhaíocht forfheidhmithe á glacadh nuair is gá as a dtiocfaidh feabhsuithe ar fheidhmíocht sábháilteachta.
- Athbhreithniú ar Threoirlínte agus/nó ar Chreatlach Cásanna Sábháilteachta Gáis do líonraí dáileacháin Gás Nádurtha Comhbhrúite, RNG, Peitríliam Leachtaithe, ag soláthar soiléireachta agus treorach d'eintitis rialáilte.
- Imscrúduithe déanta ag baint úsáide as cur chuige bunaithe ar riosca agus ceachtanna curtha i bhfeidhm.

Cuspóir

2. Creat Sábháilteachta Gáis leathnaithe a chur i bhfeidhm agus feacht an phobail ar rioscaí sábháilteachta gáis a fheabhsú

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Oibritheoirí líonra dáileacháin gás peitríliam leachtaithe atá ceadúnaithe agus rialaithe faoi Chreat Rialála Gáis an CRF.
- Comhlíontacht fheabhsaithe laistigh de líonraí dáileacháin gás peitríliam leachtaithe, rud a fhágann go mbíonn torthaí sábháilteachta fheabhsaithe ann.
- Suiteálaithe gáis nach suiteálaithe do bhailte iad atá rialaithe tríd an scéim RGI.
- Cumarsáid neartaithe chun cur chun cinn agus feacht an phobail ar shábháilteacht gáis a fheabhsú, le fócas ar leith ar oibreacha gás peitríliam leachtaithe agus oibreacha gáis nach oibreacha bailte iad.
- Feacht mhéadaithe an phobail ar an ngá atá le húsáid a bhaint as REC nó RGI agus oibreacha leictreachais agus gáis á ndéanamh.

Tosaíocht Straitéiseach 5

Cuspóir

3. Maoirseacht a dhéanamh ar [2]oibriú éifeachtach scéimeanna RGI agus Safe Electric

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Maoirseacht ar chreat monatóireachta feidhmíochta lena chinntiú go bhfuil ardchaighdeán seirbhíse á sholáthar do bhaill na scéime agus don phobal. [1]
- Deimhniú leictreonach do scéimeanna RGI agus Safe Electric curtha i bhfeidhm.
- Ainmniú oibritheoir na scéime, agus sin a bheith críochnaithe trí phróiseas tairisceana iomaíoch. [1]
- Córas Aitheantais Uathoibríoch curtha i bhfeidhm mar aon le hathbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar an gcóras Aitheantais Ghinearálta.
- Doiciméid na scéime tugtha cothrom le dáta chun forbairtí ábhartha sa tionscal a léiriú i ndiaidh comhairliúcháin agus rannpháirtíochta.

Cuspóir

4. A bheith ag tacú le glan-nialasacht a bhaint amach trí rannpháirtíocht leanúnach sábháiltea

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Páirtithe leasmhara eolach faoi shainchúraimí sábháilteachta an CRF, comhoibriú feabhsaithe agus comhroinnt eolais.
- Creat rialála sábháilteachta hidrigine forbartha agus measúnú déanta ar chásanna sábháilteachta de réir raon feidhme na sainchúraimí rialála atá leagtha síos ag an Rialtas.

Tosaíocht Straitéiseach 6

Rialáil Eacnamaíoch Éifeachtach ar Sheirbhísí Uisce

Déanfaimid infheistíocht i mbonneagar atá éifeachtach agus éifeachtúil a chumasú, dreasóidh seirbhísí uisce ardchaighdeán agus cinnteoidimid cosaint éifeachtach custaiméirí



Cuspóir

1. Infheistíocht éifeachtach a chumasú le haghaidh bonneagar uisce agus fuíolluisce slán, inbhuanaithe agus athléimneach

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Rialú Ioncainm Uisce 4 (RC4) i bhfeidhm, le haschuir, torthaí, creatlacha tuairiscithe agus spriocanna éifeachtúlachta trédhearcacha.
- Athbhreithniú Dearbhaithe Seachtrach a chríochnú ar AG1 ar Chás Gnó Réamhthástála Uisce Éireann don Uasghrádú ar Ghléasra Cóireála Fuíolluisce Uirbigh Luimnigh agus an Tionscadal Ionad Bithacmhainní, i gcomhréir leis na Treoirínte Sonracha d'Earnáil na Seirbhísí Uisce.[1][1]
- Cur i bhfeidhm iomlán an Chreata Náisiúnta um Tharaif nach Taraif Intíre é, lena n-áirítear Muirearú Taraife ar Eisiltigh Trádála.
- Feabhsuithe ar fhaisnéis a bhaineann le caomhnú uisce, agus mar fhreagairt ar ghníomhartha a bhaineann le straitéis chaomhnaithe.



Tosaíocht Straitéiseach 6

Cuspóir

2. Dreasacht a thabhairt maidir le seachadadh seirbhísí uisce agus fuíolluisce ardchaighdeán

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr le rianú feabhsaithe ar chaiteachas agus ar sheachadadh bonneagair ag Uisce Éireann.
- Creat rialála curtha i bhfeidhm go hiomlán ag Uisce Éireann, le monatóireacht fheabhsaithe ar fheidhmíocht i seachadadh seirbhísí uisce lena n-áirítear slándáil an tsoláthair, sceitheadh, fuíolluisce, caomhnú agus fuinneamh.
- Feabhsuithe ar éifeachtúlacht eacnamaíoch Uisce Éireann, agus monatóireacht déanta uirthi le cur i bhfeidhm an fhóntais phoiblí aonair.
- Foilsiú tuairiscí faisnéise do chustaiméirí uisce, lena n-áirítear nuashonruithe ar thomhaltas, sceitheadh, gearáin agus comhlíontacht.

Cuspóir

3. Creat láidir um chosaint tomhaltóirí agus comhlíontacht a sheachadadh

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Ailíniú Chóid Chleachtais Uisce Éireann le Lámhleabhar Custaiméirí an CRF nuashonraithe chun gnéithe ábhartha de Threoir um Uisce Óil an AE a léiriú.
- Iniúchtaí Comhlíontachta i bhfeidhm, chun feabhsuithe a spreagadh i seirbhís do chustaiméirí, infheistíochtaí sócmhainní agus seachadadh seirbhísí.

Tosaíocht Straitéiseach 7

**Gach
Custaiméir a
Chumhachtú
agus a
Chosaint**

**Déanfaimid cinnte go [1]gcloisfear guth an
chustaiméara agus go ndéanfaimid idirghníomhú níos
dlúithe [1]le gach páirtí leasmhar.**



Cuspóir

1. Creat cosanta custaiméirí a chlaohlú chun margadh atá ag athrú go dinimiciúil a léiriú

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Próisis inmheánacha feabhsaithe maidir le conas a bhainistíonn CRF athruithe ar an gcreat rialála.
- Úsáid níos mó a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun éifeachtúlacht réitigh díospóidí a mhéadú.
- Machnamh déanta ar mhargaí agus seirbhísí amach anseo, agus tús curtha le hathbhreithniú ar na creatlacha agus na bearnaí uile atá ann maidir le cosaint custaiméirí (fuinneamh, uisce, téamh ceantair).
- Lámhleabhair Chustaiméirí agus Cóid Chleachtais a bheith cothrom le dáta agus cosaintí láidre curtha ar fáil iontu do chustaiméirí.



Tosaíocht Straitéiseach 7

Cuspóir

2. Custaiméirí a chur ar an eolasagus cumhacht a thabhairt dóibh gníomhartha a dhéanamh a rachaidh chun tairbhe dóibh mar chuid den aistriú fuinnimh

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Aitheantas don CRF mar ionadaí custaiméirí iontaofa, neamhspleách ar son fuinnimh, uisce agus don ghníomhú ar son na haeráide.
- Feachtais rialta spriocdhírithe tomhaltóirí curtha i gcrích, chun tacú le custaiméirí gníomhacha/rannpháirtíocht agus tionchar a imirt.
- Rannpháirtíocht chomhordaithe déanta le páirtithe leasmhara, ag baint úsáide as acmhainní agus dóigheanna an CRF agus grúpaí nach iad.
- Feabhsuithe ar ghníomhartha fuinnimh custaiméirí éascaithe, lena n-áirítear:
 - Aistriú
 - Clárú le haghaidh seirbhísí sonraí cliste agus taraifí ama úsáide
 - Tomhaltas a aistriú, lena n-áirítear laghdú ar thréimhsí buaic-éilimh
 - Ag clárú mar chustaiméir leochaileach.

Rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí CRF i measc custaiméirí.

Tuigeann custaiméirí ról an CRF i seirbhísí fuinnimh agus uisce.

Cuspóir

3. Custaiméirí a chosaint agus a chinntiú go léirítear a nglór i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i bhforfheidhmiú beartais CRF

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Bealaí nua chun guth an chustaiméara a ghabháil scrúdaithe/aitheanta, e.g. úsáid níos spriocdhírithe suirbhéanna/taighde.
- Modhanna nua/feabhsaithe trína dtugann gach cinneadh beartais a dhéantar sa CRF aird chuí ar ghlór an chustaiméara aitheanta.
- Cur i bhfeidhm láidir, cothrom agus trédhearcach bearta forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear smachtbhannaí riaracháin.

Cuspóir

4. Muinín agus tuiscint a thógáil trí rannpháirtíocht fiúntach le páirtithe leasmhara

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Ceapadh beartais níos fearr agus comhtháthú Treoracha an AE.
- Tá páirtithe leasmhara eolach agus tuigeann siad na buntáistí follasacha agus an tionchar a bhíonn ag cinntí CRF.
- Teachtaireachtaí seachtracha CRF neartaithe agus iad a bheith comhsheasmhach.
- Eolas níos leithne ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta, le fócas ar an eispéireas a bhí ag ár leithéidí san AE.

Tosaíocht Straitéiseach 8

**Foirne, Cumais
agus Caighdeáin
Rialachais a
Fheabhsú**

**Glacfaimid le hathrú, cothóimid sármhaitheas, forbróimid
ár gcumais agus cruthóimid cultúr cuimsitheach.**



Cuspóir

1. Ár n-eagraíocht a chlaohlú chun glacadh le hathruithe amach anseo agus oiriúnú dóibh

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Tá na hacmhainní, an saineolas, na cumais agus na struchtúir riachtanacha ag an CRF chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh agus a chuspóirí a bhaint amach.
- Timpeallacht oibre inbhuanaithe chun freastal ar riachtanais na foirne agus ar oibleagáidí comhshaoil.
- Próisis agus seirbhísí oibre tábhachtacha a dhigitiú le réitigh sonraí agus réitigh anailíseacha a spreagann cinnteoireacht eolasach, agus éifeachtúlacht oibríochtúil fheabhsaithe.



Tosaíocht Straitéiseach 8

Cuspóir

2. Barr feabhais a chothú agus cobhsaíocht oibríochtúil á coinneáil ag an am céanna

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Tallann a choinneáil agus forbairt fheabhsaithe fostaithe laistigh den CRF.
- Fórsa saothair rannpháirteach agus oilte atá ailínithe le spriocanna na heagraíochta.
- Próisis agus nósanna imeachta láidre chun barr feabhais a bhaint amach i seachadadh seirbhíse.
- Luach ar airgead bainte amach trí úsáid stuama agus phraiticiúil acmhainní airgeadais.

Cuspóir

3. Rialachas maith agus cinnteoireacht láidir a éascú

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Cleachtais agus nósanna imeachta a chloíonn leis na caighdeáin dea-chleachtais i rialachas.
- Cumais riachtanacha, anailís, measúnú riosca agus cur chuige maoirseachta dár bpunann tionscadal casta.
- Cinntí láidre agus eolasacha a sheasfaidh dúshlán dlíthiúil.

Cuspóir

4. CRF Amháin' a fhás le cultúr ionchuimsitheachta, comhoibrithe agus oscailteachta

Torthaí a bhfuil coinne leo

- Cumarsáid inmheánach chomhsheasmhach a chinntíonn go bhfuil an fhoireann ar an eolas agus páirteach i bpróisis ábhartha cinnteoireachta.
- Timpeallacht oibre nua-aimseartha forásach atá oiriúnach do riachtanais agus uaillmhian an CRF agus a foirne.
- Obair foirne trasfheidhmeach, comhoibriú, agus comhroinnt eolais curtha chun cinn agus spreagtha.
- Comhlíontacht fheabhsaithe leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

5

Comhairliúchán le bheith mar bhonn eolais ag an Straitéis seo le bheith mar bhonn

Forbraíodh Plean Straitéiseach CRF 2025-27 i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear na fónais a rialáimid, soláthraithe fuinnimh, ceadúnaithe, eagraíochtaí ionadaíocha, grúpaí tomhaltóirí, Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, agus comhlachtaí eile san earnáil phoiblí, agus ár bhfoireann féin.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a thóg an t-am agus a rinne iarracht chun aighneachtaí a dhéanamh, agus cuireadh san áireamh iad agus an Plean seo á ullmhú.

6

Feidhmíocht agus Meastóireacht

Cuireann Plean Straitéiseach 2025-2027 an CRF bonn eolais faoin bPlean Oibre bliantúil ina bhfuil sonraí faoi ghníomhartha chun tosaíochtaí agus cuspóirí a bhaint amach laistigh de spriocdhátaí sainithe. Cuirtear Plean Oibre an CRF faoi bhráid na Roinne

Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta gach bliain. Déanann an CRF monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht, agus foilsítear sonraí faoin dul chun cinn i dTuarascáil Bhliantúil gach bliain.





An Coimisiún
um Rialáil Fóntais
**Commission for
Regulation of Utilities**

<https://www.cru.ie/ga/>